RTÉ

www.rte.ie

ÁR SAIN-ACMHAINNÍ – DÚSHRAITH CHUN TÓGÁLA

RADIO TELEFÍS ÉIREANN | 2001 | TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

RTÉ

Ráiteas an Chathaoirligh	4
An tÚdarás	8
Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra	12
An Bord Feidhmeannais	16
Gearrthuairiscí Staitistice	18
Gradaim	21
Eolas Airgeadais	25

Údarás Radio Telefís Éireann

Seo é an t-aonú Tuarascáil is daichead mar aon le Ráiteas na gCuntas don 12 mhí dár chríoch 31 Nollaig 2001 a cuireadh faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán faoi réir altanna a 25 agus 26 den Acht Craolacháin, 1960.

CATHAOIR UILLEANN AN SCAIRSHEALBHÓRA
IS LE MUINTIR NA HÉIREANN RTÉ, I NGACH SLÍ.
IS IAD ÁR BPRÍOMH-SCAIRSHEALBHÓIRÍ ÁR LUCHT ÉISTEACHTA BUNAIDH

Ráiteas an Chathaoirligh

Patrick J. Wright

De ghnáth, is súil siar ar thréimhse atá caite le déanaí a bhíonn sa Tuarascáil Bhliantúil. Sa ráiteas seo, áfach, ba mhaith liom súil a chaitheamh chun cinn freisin. Sinne craoltóir poiblí na hÉireann agus is é an cúram atá orainn seirbhís náisiúnta craolacháin a sholáthar a bheidh neamhspleách, neamhchlaonta agus ina scáthán ar ilghnéitheacht shaol na tíre. Thuigeamar i gcónaí gurbh é ár ról deis a n-inste a thabhairt do scéalta na hÉireann.

Anois, agus sna blianta romhainn, is ríthábhachtach an ról é sin. Tá ionad sa domhan ag Éirinn, ionad ar féidir a bheith mórálach as. Mar thír, dheineamar dul chun cinn éachtach i ngach aon slí. Féach ar shampla amháin. Tabharfaidh scéal na hÉireann in imeachtaí Chorn an Domhain i mbliana éachtaint ar ár n-íomhá ar fud an domhain. Cabhróidh RTÉ leis an scéal sin a ríomh - sa bhaile agus i gcéin - chomh maith.

Má bhíonn scéal le hinsint, ní mór é a bheith le cloisint chomh maith. Sin é an fáth a chreidimid gur bunriachtanas é go mbeadh teacht gan stró ag an bpobal ar ár seirbhísí - trí chábla, ó shaitilít nó le craolachán talmhaí. Is é an chéim is déanaí againn chun go mbeadh fáil uilíoch ar aschur RTÉ, sa ré dhigiteach, an cinneadh go nascfaí le hardán Sky Digital. Soláthrófar cainéil RTÉ do lucht éisteachta nua dá réir – agus neartófar roghanna rochtana dár n-éisteoirí agus dár mbreathnadóirí láithreacha. Agus, mar thoradh ar ár gcomhaontú le Sky, tá dáileadh ár gcainéal teilifíse i dTuaisceart Éireann leathnaithe go suaithinseach – léiriú praiticiúil ar chomhaontú Aoine an Chéasta, sárbhealach le tuiscint agus cumarsáid a fheabhsú.

Bhain na príomhcheisteanna polasaí ag an Údarás, le linn 2001, le trí réimse ar leith – an gá a bhí ann maoiniú poiblí RTÉ a mhéadú, scála na ndeacrachtaí airgeadais faoi láthair, agus athstruchtúrú na heagraíochta. Is iad na trí cheist sin, agus an gaol casta eatarthu, a bheidh ar cheann liosta tosaíochtaí an Údaráis sa léirthodhchaí.

Dhíríomar, le deich mbliana anuas, ar an gcuma a raibh ár rósplеáchas ar ioncam tráchtála ag fás. Dheineamar áiteamh leanúnach ag iarraidh leibhéal cinnte treoirnasctha de mhaoiniú poiblí, chun raon agus caighdeán na seirbhísí craolacháin a chinntiú do phobal na hÉireann arb é a gceart é a bheith ag súil leo.

Leathnaigh Acht Craolacháin, 2001, ár gcúram seirbhíse poiblí. Cúis áthais dúinn é sin. Tá fúinn luach an airgid a thabhairt trínár seirbhísí a sholáthar chomh héifeachtach is chomh críochnúil agus is féidir. Is gá, áfach, an cóimheá cuí a aimsiú idir theacht isteach ó tháillí ceadúnais agus ó bhearta tráchtála. Mura mbeadh de bhonn le rogha na gclár agus na sceideal ó RTÉ ach tuiscintí tráchtála, is léir nach bhféadfadh an eagraíocht dualgais an chraoltóra phoiblí a chomhlíonadh.

Dá bharr sin, ba é cinneadh an Rialtais, a fógraíodh 2 lúil, go méadófaí maoiniú poiblí an chraolacháin, an t-imeacht ba shuaithinsí ó thaobh RTÉ le linn 2001. D'áitigh RTÉ, san aighneacht ar mhéadú sa táille ceadúnais, go gcinntíonn leibhéal an mhaoinithe cumas freastail an chraolacháin phoiblí ar an bpobal, le linn don teicneolaíocht a bheith ag athrú agus le linn do struchtúir an mhargaidh a bheith ag treisiú an dúshláin do chraoltóirí dúchais i ngeilleagair bheaga ar nós na hÉireann. Ba mhaith agus ba mhithid an méadú ar tháille an cheadúnais theilifíse ó €88.88 (£É70.00) go €107 (£É84.50), ach níor leor é.

In ainneoin an mhéadaithe seo, tá maoiniú poiblí RTÉ i bhfad faoi bhun an mheáin san Eoraip go fóill. Fáiltím roimh gheallúint an Aire go rachfar i mbun athbhreithnithe go luath ar leibhéal an mhéadaithe ar tháille an cheadúnais theilifíse. Tá an tÚdarás agus an Feidhmeannas araon ag déanamh gach díchill lena dheimhniú go mbeidh toradh sásúil ar an athbhreithniú sin. Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn suaithinseach déanta ag RTÉ, ó mhí Lúil 2001 i leith, faoi bhráid na dtrialacha a fheidhmeofar nuair a athnuafar an t-iarratas ar tháille ceadúnais. Leanfaimid orainn ag obair go dlúth leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán d'fhonn táille ceadúnais a bhaint amach a bheidh dóthanach leis na héiginnteachtaí atá ina scamall ar thodhchaí chraolachán na seirbhíse poiblí sa tír seo a scuabadh chun siúil.

Ar aon dul le pátrún na fógraíochta ar theilifís i gcásanna inchomparáide ar fud na hEorpa, agus sa Ríocht Aontaithe, ach go háirithe, bhí brú leanúnach margaidh ar ioncam tráchtála RTÉ ar feadh na bliana 2001. Dá dheasca san, ba lú de c. 9% ioncam tráchtála na bliana i gcomórtas le hioncam na bliana 2000. Le linn ráithe dheireanach 2001 is mó a bhí na brúnna sin i gceist agus tá siad ann go fóill, cé nach bhfuil siad baileach chomh tréan, i dtosach 2002.

Ráiteas an Chathaoirligh

Bhí Easnamh Oibríochta €40.0m (£É31.5m) roimh Mhíreanna Eisceachtúla i 2001 i gcomórtas le hEasnamh Oibríochta €14.2m (£É11.2m) roimh Mhíreanna Eisceachtúla i 2000 mar thoradh ar an laghdú ar an teacht isteach tráchtála chomh maith le méadú 7% sna costais, bliain-ar-bhliain, mar aon le ráta ardaithe níos ísle ar an táille ceadúnais. Ní fhéadfaí leanúint le scála agus treocht dá leithéid san Easnamh Oibríochta. Ba thráth éigeandála do RTÉ é, níor thráth faillí é. Chuaigh an tÚdarás agus an Feidhmeannas i mbun gnímh láithreach.

Nuair a cumadh buiséid 2002, shrianaigh gach cuid den eagraíocht a n-aidhmeanna, deineadh athmheas ar chostais agus, i gcásanna áirithe, dúnadh rannóga a bhí ag saothrú ó 1961 i leith. Go ríthábhachtach, mar aon leis an 330 ball foirne (glan) a chuaigh ar luathscor deonach faoin gComhaontú Claochlaithe, bhí 150 duine eile (glan) a bhí le himeacht faoi lár 2002. Aithníonn an tÚdarás go bhfuil éifeacht na gcinní seo dian ar bhaill foirne a thug seirbhís fhada agus ar dhaoine níos óige ná sin atá ag súil le todhchaí i saol an chraolacháin.

Ba chuid mhór de na Míreanna Eisceachtúla Neamh-Oibríochta do 2001 é costas an atheagraithe bhreise seo, iomlán €30.9m(£É24.3m), as a dtáinig Glan-Easnamh Foriomlán €70.9m (£É55.8m) do 2001.

Is ar an todhchaí sin atá ár seasamh. Sin an fáth gur chuir an tÚdarás, Mí na Nollag 2001, de chúram ar an bhFeidhmeannas athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh agus plean straitéiseach don tréimhse 2002–2005 a sholáthar. Plean cuimseach atá uainn, plean a réiteoidh do dhúshláin a thiocfaidh. Is mian linn, ach go háirithe, go mbeadh léamh ann ar na hathruithe a thiocfaidh ar a dteastaíonn ón bpobal. Agus caithfear an chuma ina n-athróidh RTÉ chun freastal ar mhianta an phobail a léiriú. Críochnófar an plean seo sa chéad sé mhí de 2002 agus cuirfidh sé lenár n-aighneacht don bhFóram um Chraolachán – nuáil ar bhreá linn í inti féin.

Ar ndóigh táthar ag súil go bhfreastalóimis ar mhianta ár lucht éisteachta gach aon lá. Dhein an tÚdarás cinneadh suaithinseach i 2001 nuair a beartaíodh €32m (£É25m), geall leis, den ioncam as díol Cablelink i 1999 a infheistiú i gCiste Forbartha Clár d'fhonn tacaíocht a thabhairt do dhéantús dúchais clár thar thréimhse chúig bliana. Tá roinnt de bhuntáistí na hinfheistíochta sin le feiceáil cheana féin. Tá a sheasamh mar rogha-shraithdhráma na tíre daingnithe ag "Fair City" agus ceithre eipeasóid de ar scáileán in aghaidh na seachtaine anois. Léiríonn an drámaíocht chomhaimseartha rí-éagsúil – ó "Bachelor's Walk" go "No Tears"– dílseacht RTÉ do na caighdeáin chruthaíochta is airde i gcláir bhaile.

Is sárluach airgid é RTÉ ar an teilifís, ar an raidió, i gcúrsaí nuachta agus sna meáin nua. Léiríonn na liostaí mór-ráchairte agus sciar ard na n-éisteoirí is na mbreathnadóirí go n-aithníonn an pobal é seo. Nuair a gheofar an méadú riachtanach ar tháille an cheadúnais theilifíse, tabharfar tosaíocht, maidir le maoiniú breise, do chláir bhreise agus d'fheabhsuithe ar chláir. Is é ár gcúram, mar a dúirt mé i dtosach, cabhair a thabhairt le scéal na hÉireann a ríomh. Is é atá uainn go mbeadh barr feabhais ar ár saothar.

Patrick J. Wright

RTÉ

An tÚdarás

RTÉ

	Cathaoirleach **Patrick J. Wright**	**Joe Barry**	**Anne Doyle**	**Des Geraghty**
Tionóladh 12 chruinniú le linn 2001	Leas-Chathaoirleach Aer Lingus, Stiúrthóir Ghrúpa Smurfit agus Stiúrthóir ar Ghrúpa Anglo Irish Bank	Iar-Phríomh-Stiúrthóir RTÉ agus Gobharnóir ar an Dánlann Náisiúnta	Ball Foirne RTÉ agus Léitheoir Nuachta	Ard-Uachtarán SIPTU
	RM I FR	A I FR	FR	RM I FR
Freastal	**12**	**10**	**10**	**11**

RM Ball den Fhochoiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair
P Ball d'Fhochoiste na gClár
A Ball den Choiste Iniúchta
FR Ball den Fhochoiste Airgeadais agus Ioncaim

RTÉ

Maura Hayes

Aturnae

P

10

Garry Hynes

Stiúrthóir Ealaíne,
Amharclann Druid

P

8

Paddy Marron

Iar-Phríomh-
fheidhmeannach
Nestlé Ireland

P | A

5
Ceapadh Iúil 2001

Stephen O'Byrnes

Comhairleoir Gnó

P | A

10

Mary Peters

Bean Ghnó agus buaiteoir
boinn óir Oilimpigh

RM

8

Mary Redmond
Freastal **4**
D'éirigh as 31 Bealtaine 2001
A

IS É AN LUCHT ÉISTEACHTA IS TÁBHACHTAÍ I SCEIDIL ILGHNÉITHEACHA RTÉ
SOLÁTHRAÍONN RTÉ SIAMSA D'ÉIRINN LE CEOL, DRÁMAÍOCHT AGUS SPÓRT, FAISNÉIS LE NUACHT AGUS CÚRSAÍ REATHA NEAMHSPLEÁCH, ÚDARÁSACH IS COTHROM AGUS SPREAGADH AS ÁR GCEANGAIL CHULTÚIR AGUS OIDHREACHTA – AN COMHAIMSEARTHA IS AN TRAIDISIÚNTA GAFA, AGUS TUGTHA CHUN BEOCHTA, AG AN RAIDIÓ IS AG AN TEILIFÍS.

SIAMSA FAISNÉIS SPREAGADH

Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra

Bob Collins

Le linn 2001, thug RTÉ aghaidh ar dhá ghéarchéim sa saol poiblí a chuaigh i gcion go mór, ar shlite difriúla, ar Éirinn agus ar Éireannaigh i gcéin. Bhí baol ann ón ngalar crúibe agus béil i dtosach na bliana agus, faoi Mheán Fómhair, tharla na hionsaithe i Meiriceá. Sa dá chás, bhí ról riachtanach ag an gcraolachán mar fhoinse iontaofa eolais agus mar láthair ag an bpobal chun teacht le chéile lena dtuiscintí agus a n-imní a chur i bhfocail.

Braitheadh turraing ábhalmhór an lae úd, 11 Meán Fómhair 2001, go forleathan, in áit na mbonn. Tráth sainithe anois an Mháirt sin do gach duine a mhair ar uair na tubaiste. Tá dlúthcheangail ag muintir na hÉireann le Meiriceá Thuaidh, agus le Nua-Eabhrac ach go háirithe, agus deineadh ionannú, ó nádúr, leo siúd a maraíodh nó a tháinig as. Ba chasta an dúshlán a bhí ann do RTÉ ina ról mar chraoltóir poiblí na tíre seo.
Sa chéad áit, an dea-iriseoireacht: dul go láthair na nuachta, na fíricí a aithint, agus tuairisciú dá réir go soiléir, mothálach. Ina dhiaidh sin, an machnamh agus an anailís, iniúchadh ar thorthaí na n-imeachtaí agus meastóireacht ar ghnéithe éagsúla an fhreagra a tugadh – i measc an phobail, i ngort na polaitíochta agus sa réimse mhíleata.

Dhírigh an oiread clár de chuid RTÉ ar an ngéarchéim gur leasc liom craoladh amháin a roghnú seachas a chéile. Mar sin féin, bhí blas an chomhbhróin agus an dóchais chomh paiteanta ag foireann "Rattlebag" Raidió 1 go ndeachaigh sé i bhfeidhm go mór in Éirinn agus ar fud na Stát Aontaithe chomh maith nuair a craoladh ansan é. I gcás na teilifíse, insíodh sraith de scéalta iontacha pearsanta ar an "Late, Late Show" agus, san insint sin, léiríodh ceangail íogaire idir Éirinn agus cathair Nua-Eabhrac. Léiríodh an chuma a raibh daoine ag streachailt d'fhonn teacht i dtuiscint ar thorthaí daonna na tubaiste, a cuireadh faoina mbráid ar theilifís is ar raidió, in aisfhreagra an phobail do na cláir sin, agus do chláir nach iad, tríd an ríomhphost agus ar an bhfón.

Bhí éifeacht ar fud an domhain ag a dtarla i Meiriceá ar an 11 Meán Fómhair. Chuir an cogadh san Afganastáin, mar aon lena thionchar ar thíortha uile an réigiúin sin, agus an choimhlint sa Mheánoirthear an-bhrú ar iriseoirí agus ar fhoirne léiriúcháin RTÉ. I gcomórtas le craoltóirí poiblí eile, is buíon an-bheag iad saineolaithe chúrsaí eachtracha RTÉ agus deineadh éileamh millteach ar a scileanna agus ar a ndúthracht le linn 2001. Ag druidim le deireadh na bliana, bhí deighilt phriaclach dhomhanda i gceist agus ba léiriú paiteanta a bpeirspictíochtaí sainiúla neamhspleácha ar a riachtanaí atá a seirbhís phoiblí craolacháin féin do lucht éisteachta na hÉireann. Go deimhin, nuair a bhí ár n-acmhainní teoranta do thuairisciú thar lear sínte ar fad, ba mhó fós a bhraitheamar

go raibh críocha eile sa domhan – san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus san India – nach raibh ar ár gcumas forbairtí tábhachtacha iontu a fhaire dúinn féin. Ní hé amháin go bhfuil imeachtaí na mór-ranna sin suaithinseach iontu féin, ach tá siad ag titim amach in áiteanna ina bhfuil go leor Éireannach i mbun saothair ar shlite éagsúla.

B'ollbhaol láithreach dár saol eacnamúil agus sóisialta, i dtosach na bliana, an galar crúibe agus béil sa Ríocht Aontaithe. B'éigean don phobal uile, sna cathracha agus faoin tuath araon, an dainséar a aithint agus feidhmiú dá réir. Bhí ról tábhachtach ag cláir agus seirbhísí ar-líne RTÉ san fheachtas comhordaithe náisiúnta in aghaidh an ghalair. Tá ár gcraoladh chomh hilghabhálach gurbh fhéidir eolas, a bhí i dtiún lena spéiseanna agus a riachtanais féin ar leithligh, a sholáthar do gach cuid den phobal. Dhein gach cuid den sceideal a sciar féin, ó thuairiscí feirmeoireachta go feasacháin tráchta go clúdach spóirt go mórchláir na teilifíse is an raidió. Ba ghnéithe tábhachtacha den iarracht náisiúnta na feasacháin speisialta eolais, láithreán ar leith crúibe is béil agus leathanach Aertel ar leith. Mhol ionadaithe poiblí agus saintráchtairí saothar an chraolacháin agus tugadh suntas do thuiscint an phobail trí chéile i dtaobh na mbaol a leanann an galar. Is cuí go nglacfainn an deis seo le mo bhuíochas a ghabháil leis na háisíneachtaí náisiúnta éagsúla as a gcomhoibriú i soláthar eolais le craoladh agus le baill iomadúla fhoireann RTÉ as a sáriarrachtaí ar leith in am sin na práinne.

Léirigh an dá ghéarchéim seo, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ról an chraolacháin mar fhóram poiblí. Ar shlite eile nach raibh chomh drámatúil céanna, bhí feidhm mar a chéile ag tuairiscí ar thoghcháin sa Bhreatain agus i dTuaisceart Éireann, agus ag clúdach an reifrinn ar Chonradh Nice. Baineann dúshláin ar leith le reifrinn maidir leis an bhfreagracht atá ar RTÉ a bheith cothrom neamhchlaonta sa chlúdach ar raon na ndearcadh a phléitear. Fágann na breithiúnais chúirte is déanaí nach bhfuil sé praiticiúil a thuilleadh do RTÉ craolta páirtí-pholaitiúla a chur amach le linn na bhfeachtas reifrinn. Is amhlaidh toisc nach indéanta an áis chéanna a thairiscint do ghrúpaí spéise seachas na páirtithe polaitiúla. Tá córas seanbhunaithe anois ann le monatóireacht a dhéanamh ar an am a thugtar do na seasaimh agus na malairtí tuairime a bhíonn sa treis i reifrinn, agus bhí áthas ar RTÉ oibriú leis an gCoimisiún Reifrinn d'fhonn a chinntiú go mbeadh an pobal ar an eolas i gceart i dtaobh na gceisteanna a chuirtear faoina mbráid i ngach reifreann.

Ó thaobh an tsaoil phoiblí, bhí cúrsaí sláinte, an timpeallacht, iompar, inimirce agus an eacnamaíocht go hard ar agenda an chraolacháin ar feadh na bliana. Tugadh léargas ar fhírinne sholáthar an chúraim sláinte sa

tsraithchlár faisnéise "Nurses"; bhí insint chumhachtach ar na comhchainteanna a thionscnaigh ré nua sa dul chun cinn polaitiúil in "Endgame – Peace in Ireland" (i bpáirt le BBC); agus ghlac "Winds of Change" an deis, le teacht an euro, le hiniúchadh a dhéanamh ar na polasaithe eacnamúla a théann i bhfeidhm go mór ar shaol an uile dhuine againn. Ba léiriú ar chlaochlú chomhdhéanamh an daonra anseo "Radio One World", an tsraith teilifíse "Mono", an clár faisnéise ar lucht iarrtha dídine agus an dráma "Bad Day at Blackrock".

Caithfear díriú sa chraolachán ar na ceisteanna is comónta eadrainn, ach ba cheart go bhfreastalódh ár dteilifís agus ár raidió ar raon spéiseanna agus lucht éisteachta freisin. Cuireadh clabhsúr le togra Becket in 2001 nuair a taifeadadh, don chéad uair, na drámaí uile do chraoladh teilifíse, lena dtaispeáint i bpictiúrlanna agus lena ndáileadh ar DVD. Sraith ríghradamúil í seo – tosaíocht chruthaíochta ag RTÉ agus comhpháirtíocht ansin le léiritheoirí neamhspleácha agus craoltóirí poiblí eile. Táirgíodh acmhainn thábhachtach a mhairfidh. Is sampla é dá bhfuil ar chumas RTÉ a dhéanamh do shaol cultúrtha na hÉireann agus is spreagadh é le comóradh cuí a fhorbairt, ó thaobh na meán de, ar "Ulysses" James Joyce i 2004, céad bliain i ndiaidh Bloomsday.

Deineadh comóradh 75 bliana de raidió RTÉ i 2001 le sceideal samhlaíoch clár a mhúscail cuimhne agus meastóireacht ar an gcraolachán fuaime ó bunaíodh an Stát. Tugadh an ceiliúradh amach i measc éisteoirí trí thaispeántas taistil a d'eachtraigh an scéal "From the Wireless to the Web" i leabharlanna, ionaid siopadóireachta agus láithreacha poiblí eile. Bronnadh CD-ROM ar gach scoil sa tír a léirigh stair an raidió in Éirinn le buaiceanna as na cartlanna, agus deineadh amhlaidh le saothar tagartha Éireannach ar CD-ROM de stair, tíreolas agus beathaisnéis, "Ireland's Millennia". Níl iontu seo ach dhá shampla de bhuntáistí breise atá ar chumas an chraolacháin nuair a bhaintear leas as na meáin nua le hacmhainní oideachais a chruthú. Teicneolaíochtaí nua craolacháin freisin a chuir ar chumas Raidió na Gaeltachta a sceideal a leathnú agus craoladh 24 uaire an chloig a dhéanamh ó Shamhain, 2001. Lena chois sin, suiteáladh línte ISDN sna Gaeltachtaí nach bhfuil chomh mór sin d'fhonn tacú lena bpoitéinseal chun cur le haschur na seirbhíse.

Thug RTÉ aghaidh ar na dúshláin eagarthóireachta, chruthaíochta agus theicniúla seo uile go fuinniúil, diongbháilte. Baineadh cuid mhór amach i 2001. Sa tuarascáil bhliantúil anuraidh, luaigh mé go raibh súil agam go n-éireodh linn leibhéal cuí de mhaoiniú poiblí a bhaint amach mar bhuntaca do sheirbhísí craolacháin sna blianta romhainn. Is cabhair i dtreo an riachtanais sin an méadú ar tháille an cheadúnais a tugadh i rith an tsamhraidh. Tá an titim ar ioncam tráchtála, titim a ghéaraigh sna tosca rídheacra a lean an 11 Meán Fómhair,

tar éis suntas a tharraingt arís áfach ar a thábhachtaí atá leormhaoiniú poiblí. De bharr an treisithe a tháinig ar dheacrachtaí airgeadais RTÉ i dtreo dheireadh 2001, b'éigean ciorruithe práinne a dhéanamh ar na hacmhainní a bhí ar fáil mar thaca leis an seirbhís a thugaimid don phobal. Ní bhíonn ach tairbhe shealadach i gciorruithe dá leithéid, tairbhe a bhraitear mar éascú gearrthréimhseach ar na brúnna a thagann nuair a bhíonn ioncam ag crapadh.

Romhainn amach, beidh gá le plean níos uailmhianaí a dhíreoidh ar an bhfadhb agus, dá réir sin, le linn an gheimhridh, 2001–2002, bhí athbhreithniú straitéiseach ar siúl againn. Is mian linn roghanna polasaí sárphrofa a chur faoi bhráid Údarás RTÉ. Ar bhonn an bheartais sin agus ar bhonn an atheagraithe a lean an chéad bhreith Rialtais ar ár n-iarratas ar mhéadú ar tháille an cheadúnais theilifíse, beimid ag iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar an iarratas, a luaithe is féidir. Is deis bhreá é fógra an Aire maidir le Fóram um Chraolachán chun plé náisiúnta a dhéanamh ar a bhfuil uainne, mar thír, ó na seirbhísí craolacháin. Ó thaobh an Fhóraim de, tá RTÉ muiníneach go n-aontóidh speictream ionadaíoch guthanna leis na hargóintí ar son craolacháin phoiblí agus leis an maoiniú is gá chuige sin.

Bob Collins

RTÉ

An Bord Feidhmeannais 2002

Bob Collins

Príomh-Stiúrthóir

Mr Liam Miller

Stiúrthóir Bainistíochta - Eagrúchán & Forbairt

Cathal Goan

Stiúrthóir na Teilifíse

Conor Hayes

Príomh-Oifigeach Airgeadais

Geraldine O'Leary

Stiúrthóir Díolachán agus Margaíochta

Ed Mulhall

Stiúrthóir Nuachta

Bride Rosney

Stiúrthóir Cumarsáide

Helen Shaw

Stiúrthóir Raidió

AR BHREIS AGUS NAOI GCINN
AS GACH DEICH DTEALLACH IN ÉIRINN
FÉACHTAR AR THEILIFÍS RTÉ GACH SEACHTAIN

Scair theilifíse **2001**: Daoine Aonair feadh an lae



7am - 7pm scair mhargaidh raidió RTÉ
1999 - 2001



Na 20 clár raidió is mó éisteacht in Éirinn, dálach nó Domhnach – rochtain na gclár
2001

Tá The Weekly Ryan agus Ireland's Biggest Jukebox araon sa bhfichiú háit.



Foinse: Tuairiscí Luan–Aoine, Eanáir–Nollaig 2001, JNLR/MBRI

Láithreachtaí Ceoil RTÉ ag an gCeoláras Náisiúnta **2000 - 2001**



Teagmhálacha leathanaigh sa mhí ag RTÉ arlíne **2001**

Nóta – áireamh ar chuairteoirí go dtí leathanach gréasáin is ea an teagmháil leathanaigh. Is tomhas caighdeánach ar thrácht ionaid ghréasáin na teagmhálacha leathanaigh



Scair Mhargaidh RTÉ Guide: Irisí Tomhaltais



Anailís ar Fhoireann an Ghrúpa **2000 - 2001**



	2000	2001
STnaG	57	65
CEL	70	86
Gréasán/DTTN	86	87
ALN	13	13
RTÉ *(lúide ALN)*	1,948	1,826
Iomlán	2,174	2,077

Anailís Inscne **2001**



Oifig na Saorála Faisnéise: iarratais ar thaifid **2001**



*Ionann seo is gur cuireadh na taifid go léir, nó cuid acu sin a iarradh, ar fáil i gcás **82%** de na hiarratais.*



***1%** Polaiteoirí*
***6%** Grúpaí sainspéise*
***7%** Gnó*

An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin (CGC) **2001**



Bíonn daoine, nach sásaíonn freagra RTÉ ar iarratais iad, i dteideal phróiséis athbhreithnithe.

Le linn 2001 níor iarr ach beirt ón bpobal ar Oifig an Choimisiúin Faisnéise athbhreithniú a dhéanamh ar an slí a láimhseáil RTÉ a n-iarratais.

Gradaim 2001 – Cláir agus Nuacht Theilifís RTÉ

GRADAM ANDREW CROSS
Scothchlár creidimh teilifíse san aicme
'Cúrsaí Reatha/Adhradh/Faisnéis'
Guns into Ploughshares
Comhléiriúchán – Dermod McCarthy, RTÉ
agus Denis Bradley, UTV

BAFTA
Scothdhrámaíocht do Leanaí
Custer's Last Stand-up (An chéad eipeasóid de shraith 1)
Comhléiriúchán ag RTÉ/BBC
Mickey McGowan a léirigh

CHRISTIAN BROADCASTING COUNCIL (UK)
Gradam Óir – Scothchlár faisnéise teilifíse
Guns into Ploughshares
Comhléiriúchán – Dermod McCarthy, RTÉ
agus Denis Bradley, UTV

GRADAM SPEISIALTA AN GHIÚIRÉ AG FÉILE THEILIFÍSE BANFF
The Gold Rush
Grúpa Clár Faisnéise ACE
Comhléiriúchán le SVT (An tSualainn), ZDF (An Ghearmáin), NRK (An Iorua), DR (An Danmhairg), RTÉ (Éire), VRT (An Bheilg) agus YLE (An Fhionlainn)

GRADAM AN GHIÚIRÉ AG FÉILE NA SCANNÁN CEILTEACH
Behind Closed Doors - Clár Leithleach de chuid Prime Time
Eddie Doyle agus David Nally

GRADAM CHRIS (SAM)
Dust in the wind
Jim Fahy agus Caroline Bleahan
Slave without Chains
Charlie Bird agus Caroline Bleahan

GRADAM BSL DO CHÚRSAÍ REATHA
Abbeylara - Clár Leithleach de chuid Prime Time
Angela Daly agus Mike Milotte

GRADAM BSL DO CHÚRSAÍ REATHA
6.01 – Tuairisc nuachta ar oibrithe inimirceacha i Ros Comáin
Tony Connelly

GRADAM BSL DO CHLÁR FAISNÉISE SÓISIALTA
In Excess - Clár Leithleach de chuid Prime Time
Niamh O'Connor agus Fiona McCarthy

GRADAM BSL DO CHLÚDACH SPÓIRT
Colm Murray

GRADAM BSL NA MEÁN NÁISIÚNTA
Para-Olympics in Sydney
Colm Murray

GRADAM BSL NA MEÁN NÁISIÚNTA 2001
Iriseoirí Teilifíse na Bliana
Eddie Doyle agus Mark Little
Afghanistan – the Hostage Nation - Clár Leithleach de chuid Prime Time

GRADAM EORPACH NA BLIANA 2001
ÓN NGLUAISEACHT EORPACH
Tommie Gorman

GRADAIM NA BHFÉILTE SCANNÁN RTÉ / BORD SCANNÁN NA HÉIREANN

Give Up Yer Oul Sins	Fleadh Scannán na Gaillimhe An Scoth-Bheochartún (1ú)
Le Dogs	Fleadh Scannán na Gaillimhe An Scoth-Bheochartún (2ú)
The Marriage	Fleadh Scannán na Gaillimhe An Scoth-Chéad-Ghearrscannán (3ú)
Coolockland	Fleadh Scannán na Gaillimhe Scoth-Ghearrscannán Éireannach (1ú)
Coolockland (Brian Tucker agus Ronan Carr)	Gradaim Stiúrthóra United International Picures An Stiúrthóir is fearr – Gearrscannán Beo-Ghnímh
Give Up Yer Oul Sins	Gradam Gearrscannáin Jameson don Scoth-Ghearrscannán Éireannach
Give Up Yer Oul Sins	Féile Chorcaí An Scoth-Ghearrscannán Idirnáisiúnta
The Case of Majella McGinty	Féile Ghearrscannán Sienna Príomhdhuais
Zulu 9	Féile Chorcaí Gradam an Lucht Éisteachta don Scoth-Ghearrscannán Éireannach

GRADAM AN CHEARTAIS AGUS NA MEÁN
– OLLCHUMANN DLÍ NA HÉIREANN
Stardust - The Legacy - Clár Leithleach Prime Time
Joe Little

GRADAM SOUTH BANK SHOW
Beckett on Film
Léiriú le Blue Angel/Tyrone do RTÉ agus Channel 4 le Bord Scannán na hÉireann
Léirithe ag Michael Colgan agus Alan Moloney

14Ú FÉILE EORPACH TEILIFÍSE DO CHLÁIR CHREIDIMH
Aicme an Mhachnaimh agus an Rinnfheithimh
Passion for Life – The everyday Good Friday
Dermod McCarthy

Gradaim Raidió RTÉ

COMHALTAS CEOLTÓIRÍ ÉIREANN
Sárshaothar mar mhaithe le ceol traidisiúnta
Láithreoirí Radio 1, Ciarán Mac Mathúna, Donncha Ó Dúlaing, Kieran Hanrahan agus Peter Browne, mar aon le Meaití Ó Fatharta agus Máirtín Davy Ó Coistealbha ó Raidió na Gaeltachta

GRADAM DEUTSCHE WELLE – AN GHEARMÁIN
Pipemaker's Journey
Léirithe ag Peter Browne, Radio 1

GRADAIM NÁISIÚNTA NA MEÁN AG BSL
Nuacht agus Cúrsaí Reatha
Five Seven Live - clúdach ar Bhinse Dhomhnach na Fola
George Jackson
Five Seven Live - Colún Beo Raidió
Brenda Power

Gnéchláir agus Cláir Fhaisnéise
Another Time, Another Space - Radio 1
Tim Lehane

Ceisteanna Feachtasaíochta agus Sóisialta
Liveline
Joe Duffy

Spórt
Sportsweek
Des Cahill agus Adrian Eames

GRADAM AN DIOSCA ÓIR
Fairytale of New York
Gerry McArdle, Colette Proctor agus Aodán Ó Dubhghaill

GRADAM ÓIR MARK TIME - MINNEAPOLIS
Tread Softly Bill Lizard - Radio 1
Roger Gregg

GRADAM NA MEÁN CEARTAIS
Five Seven Live sraith do shamhradh 2001, 'Children in Trouble'

GRADAM CUMARSÁIDE AN OIREACHTAIS – RAIDIÓ
Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnchadha
Raidió na Gaeltachta

PREMIOS ONDAS 2001 48Ú COMÓRTAS IDIRNÁISIÚNTA DO CHLÁIR RAIDIÓ AGUS THEILIFÍSE
A Day in the Life of Kitty Sway – Radio 1
Michelle Read agus Fiona Kelly

GRADAIM PPI (PHONOGRAPHIC PERFORMANCE IRELAND)
Stáisiún Náisiúnta na Bliana
Radio 1

Scothstáisiún na Bliana
Radio 1

Scothchlár Drámaíochta
Four Big Days in the Life of Dessie Banks - Radio 1
Aidan Stanley

Craoltóir Ceoil na Bliana
The Mystery Train - Radio 1
John Kelly

Scothchlúdach Nuachta
Five Seven Live as tuairiscí ar 11 Meán Fómhair 2001

Craoltóir Nuachta/Spóirt na Bliana
Today with Pat Kenny

An Fhoirm Ghearr
Today with Pat Kenny
Cín Lae Paul Durcan

Scothfhuaim Stáisiúin
Lyric fm

Scothfhocal Labhartha
Artszone - Lyric fm

GRADAIM DHIGITEACHA PRINT AND DISPLAY
Aicme na Comharthaíochta agus an Chúlsoilsthe
2fm as feachtas an bhosca teileafóin

Aicme na Comharthaíochta agus an Chúlsoilsthe - duais chomh-neasóra
Póstaeir 48-mbilleog Radio 75 Wireless to the Web

GRADAM TIMPEALLACHTA STÁISIÚN MUIRÍ INIS ARCÁIN
Seascapes
Tom MacSweeney

FÉILTE NUA-EABHRAC
Aicme na gCaidreamh Daonna - An Gradam Óir
A Girl Called Maria - Radio 1
Lorelei Harris agus Mandy McAuley

GRADAM DO BHEAN NA BLIANA SNA MEÁIN
Aicme na Meán
Marian Finucane

CEITHRE STÁISIÚN RAIDIÓ INA SCÁTHÁN
AR ILGHNÉITHEACHT ATHRAITHEACH ÁR NDAONRA

LYRIC FM 2FM RAIDIÓ NA GAELTACHTA RADIO ONE

⠠⠊⠁ ⠓ ⠊⠎ ⠞⠕⠕ ⠍⠥⠉⠓ ⠞⠕ ⠎⠁⠽
⠓⠑ ⠕⠝⠑⠎⠞⠽ ⠓⠑⠕⠗⠽⠕⠝⠑
⠞⠕⠕ ⠊⠎⠝⠞ ⠁ ⠞⠕⠏⠊⠉ ⠁ ⠎⠕⠍⠑⠞⠓⠊⠝⠛
⠕⠉⠉⠥⠏⠊⠑⠙⠲ ⠠⠊⠞⠎ ⠞⠕⠕ ⠍⠥⠉⠓
⠁ ⠉⠕⠝⠛⠗⠑⠛⠁⠞⠊⠕⠝ ⠕⠋ ⠁⠇⠇⠞⠓⠑
⠝⠑⠺⠎⠲
⠠⠋⠕⠗ ⠍⠑ ⠁⠎ ⠁ ⠠⠃⠗⠊⠞⠊⠎⠓

⠠⠠⠊⠞⠎ ⠞⠕⠕ ⠍⠥⠉⠓ ⠞⠕ ⠎⠁⠽
⠓⠑ ⠕⠝⠑⠎⠞⠽ ⠓⠑⠕⠗⠽⠕⠝⠑
⠞⠕⠕ ⠊⠎⠝⠞ ⠁ ⠞⠕⠏⠊⠉ ⠁ ⠎⠕⠍⠑⠞⠓⠊⠝⠛
⠕⠉⠉⠥⠏⠊⠑⠙⠲ ⠠⠊⠞⠎ ⠞⠕⠕ ⠍⠥⠉⠓
⠁ ⠉⠕⠝⠛⠗⠑⠛⠁⠞⠊⠕⠝ ⠕⠋ ⠁⠇⠇⠞⠓⠑
⠝⠑⠺⠎⠲
⠠⠠⠊⠞⠎ ⠞⠕⠕ ⠍⠥⠉⠓ ⠞⠕ ⠎⠁⠽
⠓⠑ ⠕⠝⠑⠎⠞⠽ ⠓⠑⠕⠗⠽⠕⠝⠑
⠞⠕⠕ ⠊⠎⠝⠞ ⠁ ⠞⠕⠏⠊⠉ ⠁ ⠎⠕⠍⠑⠞⠓⠊⠝⠛
⠕⠉⠉⠥⠏⠊⠑⠙⠲ ⠠⠊⠞⠎ ⠞⠕⠕ ⠍⠥⠉⠓
⠁ ⠉⠕⠝⠛⠗⠑⠛⠁⠞⠊⠕⠝ ⠕⠋ ⠁⠇⠇⠞⠓⠑
⠝⠑⠺⠎⠲